Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 5 Meitheamh 2026
(OR. en)

10259/26

GAF 27
FIN 834

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 5 Meitheamh 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 269 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN<br>CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG AN mBANC CEANNAIS EORPACH<br>maidir le cur chun feidhme agus torthaí an chláir Pericles IV chun an euro a chosaint ar ghóchumadh in 2025 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 269 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 269 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 5.6.2026
COM(2026) 269 final

# TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN

## CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG AN mBANC CEANNAIS EORPACH

## maidir le cur chun feidhme agus torthaí an chláir Pericles IV chun an euro a chosaint ar ghóchumadh in 2025

GA GA

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN**

**CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG AN mBANC CEANNAIS EORPACH**

**maidir le cur chun feidhme agus torthaí an chláir Pericles IV chun an euro a chosaint ar ghóchumadh in 2025**

## 1. Ginearálta

Is clár malartaithe, cúnaimh agus oiliúna é an clár 'Pericles IV' ('an clár') chun an euro a chosaint ar ghóchumadh. Tagann sé in ionad an chláir Pericles 2020 a bhí i bhfeidhm ó 2013 go dtí 2020, agus na gclár Pericles a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse 2002-2013. Bunaíodh an clár le Rialachán (AE) 2021/840 ([1]). Leathnaíodh a chur i bhfeidhm go dtí na Ballstáit neamh-rannpháirteacha le Rialachán (AE) 2021/1696 ón gComhairle ([2]). Le Rialachán (AE) 2021/840 socraítear tréimhse an chláir go dtí an 31 Nollaig 2027. Le hAirteagal 12(3) den Rialachán sin, ceanglaítear ar an gCoimisiún Eorpach torthaí an chláir a thuairisciú ar bhonn bliantúil do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Bhanc Ceannais Eorpach. Is í seo an tuarascáil bhliantúil le haghaidh 2025. Cuirtear faisnéis ar fáil sa tuarascáil maidir leis na gealltanais a tugadh agus maidir le cur chun feidhme ghníomhaíochtaí an chláir in 2025.

## 2. Gealltanais faoi chlár oibre bliantúil 2025

Socraíodh an buiséad bliantúil chun clár 2025 a chur chun feidhme ag EUR 902 450. Maoiníodh é ó líne bhuiséid VOBU-2025-E.06030100 (an euro a chosaint ar ghóchumadh) ([3]) de bhuiséad ginearálta an Aontais le haghaidh 2025. Gealladh EUR 902 449,47 san iomlán in 2025, is é sin 100 % den bhuiséad iomlán. Cuirtear an clár chun feidhme trí ghníomhaíochtaí cómhaoinithe (deontais) a thagann ó údaráis inniúla na mBallstát agus trí 'ghníomhaíochtaí an Choimisiúin', a eagraíonn an Coimisiún go díreach. Áirítear le méid an ghealltanais iomláin freisin EUR 37 038 chun na costais bhliantúla maidir le húsáid na huirlise eGrants a chumhdach, ar córas bainistíochta leictreonaí (gan pháipéar) iomlán le haghaidh deontas é. Sa bhreis ar an líne bhuiséid oibríochtúil, cuireadh EUR 15 440,30 ar fáil ar an líne bhuiséid tríd an ioncam sannta inmheánach [4] (líne bhuiséid IAR2/2-2024-ECFIN-E.06030100) agus gealladh an méid sin in 2025 ([5]).

Léiríonn cur chun feidhme an chláir ar leibhéal na mBallstát agus an Choimisiúin a dtiomantas an euro a chosaint ar ghóchumadh. An plé a rinne an Grúpa Saineolaithe um

[1] Rialachán (AE) 2021/840 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear clár um malartú, cúnamh agus oiliúint chun an euro a chosaint ar ghóchumadh don tréimhse 2021-2027 (an clár 'Pericles IV'), agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 331/2014.

[2] Rialachán (AE) 2021/1696 ón gComhairle an 21 Meán Fómhair2021 lena leathnaítear cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2021/840 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear clár malartúcháin, cúnaimh agus oiliúna chun an euro a chosaint ar ghóchumadh don tréimhse 2021-2027 ('clár Pericles IV') chun na Ballstáit neamh-rannpháirteacha a chumhdach.

[3] VOBU: leithreasuithe buiséid a vótáladh le haghaidh 2025.


[4] IAR = ioncam sannta inmheánach: Tagann an t-ioncam sannta ó ordú gnóthaithe (an méid arna thabhairt ar ais ag tairbhí don Choimisiún mar thoradh ar réamh-mhaoiniú nár caitheadh) i leith Airteagal 21 den Rialachán airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais.


[5] Dhá líne bhuiséid le haghaidh an ghealltanais i dtaca le tagairt deontais 101251502 (HECC: Comhdháil Monaí Euro Heilsincí agus cuairt staidéir): EUR 31 149,70 ó líne bhuiséid VOBU agus EUR 15 440,30 ó líne bhuiséid IAR.

Ghóchumadh an Euro maidir leis an straitéis bhliantúil, d'fhág sé go rabhthas in ann na príomhbhagairtí a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu agus an buiséad a leithdháileadh go hiomlán in 2025.

Maoiníodh 10 dtionscadal san iomlán faoin gclár ([6]): dámhadh 7 ndeontas d'iarratais a tháinig ó údaráis inniúla na mBallstát agus cistíodh 3 ghníomhaíocht de chuid an Choimisiúin. As na 3 ghníomhaíocht de chuid an Choimisiúin, gealladh agus cuireadh chun feidhme 2 cheann díobh in 2025 agus cuirfear gníomhaíocht amháin de chuid an Choimisiúin chun feidhme in 2026. Cuirfear na deontais a gealladh in 2025 chun feidhme go hiomlán in 2026 agus ina dhiaidh sin.

**Cairt I agus Cairt II: An cineál gníomhaíochta a maoiníodh agus an líon gníomhaíochtaí in aghaidh an Bhallstáit (gníomhaíochtaí a gealladh in 2025, féach Iarscríbhinn I)**




An Iodáil agus an Spáinn, dhá cheann de na Ballstáit is mó a raibh tionchar ag góchumadh an euro orthu, fuair siad deontais Pericles arís in 2025. Ina theannta sin, fuair an Chróit, an Fhionlainn agus an Laitvia (is iarratasóirí céaduaire iad an dá cheann dheireanacha sa chlár) deontais faoi chlár 2025. Cuireann na hiarrachtaí sin uile borradh faoi chosaint an euro, rud a théann chun tairbhe do na Ballstáit eile uile.

5 sheimineár atá sna gníomhaíochtaí faoi na gealltanais a rinneadh in 2025; 4 sheisiún oiliúna teicniúla; agus malartú foirne amháin.

Tá na gníomhaíochtaí le déanamh laistigh agus lasmuigh den Aontas Eorpach, ag brath ar riachtanais shonracha. Ó bunaíodh an clár, tá a chur chuige réigiúnach comhdhlúite aige trí ghníomhaíochtaí a chur chun feidhme a bhaineann le réigiúin an domhain a bhfuil tábhacht ar

[6] Tá forbhreathnú cuimsitheach ar ghníomhaíochtaí Pericles a gealladh in 2025 le fáil in Iarscríbhinn I. Foilsítear gach tionscadal a fhaigheann cistiú ó Pericles IV ar Thairseach an Aontais um Dheiseanna Cistiúcháin agus Tairisceana.

leith ag baint leo sa chomhrac in aghaidh an ghóchumtha, amhail oirdheisceart na hEorpa, an Tuirc agus Meiriceá Theas.

## 3. Cur chun feidhme gníomhaíochtaí in 2025

*Forbhreathnú*


Déantar anailís sa roinn seo ar chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí uile a fuair cistiú ó Pericles sa bhliain féilire 2025. Dá bhrí sin, áirítear ann gníomhaíochtaí a gealladh faoi bhuiséid Pericles IV 2024 ([7]) agus 2025 ([8]).


Ar an iomlán, in 2025 cuireadh 10 ngníomhaíocht a fuair cistiú ó Pericles chun feidhme, lena n-áirítear:

- 8 ngníomhaíocht deontais a gealladh in 2024: is iad an Spáinn (3 ghníomhaíocht), an Phortaingéil (2 ghníomhaíocht), an Iodáil (2 ghníomhaíocht), an Chróit (gníomhaíocht amháin) faoi seach a chuir na gníomhaíochtaí sin chun feidhme;
- 2 ghníomhaíocht arna soláthar a gealladh in 2025:

Sna gníomhaíochtaí thuas tá 3 mhalartú foirne, 3 sheisiún oiliúna theicniúla, 3 sheimineár agus 1 cheannach trealaimh. Meastar go raibh thart ar 394 shaineolaí rannpháirteach sna gníomhaíochtaí ([9]).

**Cairt III agus Cairt IV: Tionscnamh agus cúlra gairmiúil na rannpháirtithe (gníomhaíochtaí a cuireadh chun feidhme in 2025)**




7 Tá forbhreathnú cuimsitheach ar ghníomhaíochtaí a cuireadh chun feidhme in 2025 le fáil in Iarscríbhinn II.

8 Tá forbhreathnú cuimsitheach ar ghníomhaíochtaí Pericles a gealladh in 2025 le fáil in Iarscríbhinn I. Tabhair do d’aire nach dtagraítear sa roinn seo ach do na gníomhaíochtaí sin atá in Iarscríbhinn I a cuireadh chun feidhme (go páirteach) in 2025.

9 Tá an meastachán bunaithe ar an tuarascáil theicniúil chríochnaitheach (má fuarthas cheana é) agus ar fhoirmeacha iarratais arna seoladh ag tairbhithe

*Tionscnamh na rannpháirtithe*

Tháinig na rannpháirtithe ó 50 thír. Ba as an Eoraip formhór na ndaoine a d'fhreastail ar sheisiúin oiliúna (68 %): 40 % ó Bhallstáit an limistéir euro, 3 % ó Bhallstáit nach bhfuil sa limistéar euro agus 25 % ó thíortha san Eoraip nach Ballstáit den Aontas iad. As measc na rannpháirtithe eile, tháinig 16 % ó Mheiriceá Laidineach, 9 % ón Afraic, 6 % ó na hinstitiúidí Eorpacha, agus 1 % ó réigiúin eile.

*Cúlra gairmiúil na rannpháirtithe*

Baill foirne póilíní a bhí in 46 % de na rannpháirtithe in 2025. Tá an láithreacht shuntasach sin ann toisc go ndéanann údaráis phóilíneachta ionadaíocht thar ceann na líne tosaigh sa chomhrac in aghaidh ghóchumadh an euro, agus áirítear ar fhoireann na bpóilíní imscrúdaitheoirí agus teicneoirí araon. Ba shaineolaithe ó na bainc cheannais náisiúnta 37 % de na rannpháirtithe, rud a d'fhág gurb iad an dara grúpa is mó iad, mar gheall ar roinnt gníomhaíochtaí a bhí dírithe ar chomhar le bainc cheannais náisiúnta agus idir eatarthu. Ghlac foireann ó na hinstitiúidí Eorpacha (6 %), na breithiúna (3 %), miontaí náisiúnta (1 %), lucht custaim (1 %) agus catagóirí eile (1 %) páirt freisin, rud a léiríonn raon iomlán cúlraí gairmiúla. D'fhreastail ionadaithe ó thionscal na meaisíní próiseála monaí (5 %) ar an gcúrsa oiliúna maidir le láimhseáil monaí atá mí-oiriúnach le haghaidh cúrsaíochta. Leanann sé sin de ról na hearnála príobháidí a dhearbhú mar pháirtí leasmhar mór sa chomhrac in aghaidh an ghóchumtha. Mar thoradh air sin, comhlíonann cur chun feidhme an chláir gnéithe trasnáisiúnta agus ildisciplíneacha a cheanglaítear faoi Rialachán (AE) 2021/840 agus tá an-éagsúlacht ag baint leis ó thaobh cúlra gairmiúil de.

*Buaicphointí ó 2025*

D'éirigh leis an gclár comhar réigiúnach idirnáisiúnta a choinneáil ar bun agus a neartú a thuilleadh in oirdheisceart na hEorpa agus i Meiriceá Laidineach in 2025.

- In 2025 cuireadh roinnt gníomhaíochtaí Pericles chun feidhme lenar díríodh ar chomhar láidir a spreagadh agus a choinneáil ar bun i measc na n-údarás náisiúnta in oirdheisceart na hEorpa agus leis an Tuirc. Áiríodh leis sin (i) malartuithe foirne a d'eagraigh *Comando Carabinieri Antifalsificazione Monetaria* (CCAFM) na hIodáile; (ii) malartú foirne arna eagrú ag *Guardia di Finanza* na hIodáile (GdF); agus (iii) seisiún oiliúna teicniúla a d'eagraigh Banc Náisiúnta na Cróite (HNB) le rannpháirtithe ó naoi dtír in oirdheisceart na hEorpa. Áiríodh leis na gníomhaíochtaí sin freisin cuairteanna staidéir ar shaineolaithe ón Tuirc agus/nó rannpháirtíocht saineolaithe ón Tuirc, ar príomhthír tosaíochta í sin toisc gur teophointe féideartha í chun táirgí góchumtha euro a tháirgeadh agus a iompar.
- D'eagraigh *Brigada de Investigación del Banco de España* (BIBE) na Spáinne cúrsa oiliúna maidir le góchumadh airgeadra (ón 25 go dtí an 28 Samhain 2025) le haghaidh saineolaithe ó thíortha i Meiriceá Laidineach, lenar tugadh le chéile údaráis 11 thír i Meiriceá Laidineach in Buenos Aires na hAirgintíne. Leis an ngníomhaíocht, cuireadh bearta chun cinn chun an euro a chosaint ar ghóchumadh i dtíortha i Meiriceá Laidineach a d'fhéadfadh a bheith soghabhálach i leith an ghóchumtha. Thairis sin, leis an ngníomhaíocht neartaítear na naisc idir lároifigí náisiúnta sonracha a bunaíodh

le déanaí sa réigiún sin. D'eagraigh BIBE malartú foirne freisin (idir Uragua agus an Spáinn) chun feasacht a mhúscailt i measc institiúidí maidir leis an ngá atá le Lároifig Náisiúnta a bhunú in Uragua, d'fhonn an fhaisnéis uile maidir le góchumadh airgeadra a lárú ar an leibhéal náisiúnta.

Bhí gníomhaíochtaí i gceist freisin le cur chun feidhme an chláir in 2025 lenar díríodh ar fhorbairtí tráthúla sa chomhrac in aghaidh góchumadh airgeadra.

- Tosaíocht ar tugadh aghaidh uirthi trí ghníomhaíochtaí éagsúla a bhí sa chomhrac in aghaidh aicmí ardchaighdeáin de nótaí agus monaí góchumtha, i gcur chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 1210/2010 agus i láimhseáil monaí euro atá mí-oiriúnach le haghaidh cúrsaíochta. Áiríodh ar na gníomhaíochtaí a raibh an fócas sin leo seisiún oiliúna maidir le hanailís ar mhonaí góchumtha do shaineolaithe teicniúla a d'eagraigh Banc na Spáinne (*Banco de España*) agus seimineár dar teideal 'Fís phraiticiúil maidir leis an gcomhrac in aghaidh an ghóchumtha' a d'eagraigh Banc na Portaingéile (*Banco de Portugal*). Le cúrsa oiliúna maidir le feabhas a chur ar bhrath monaí euro atá mí-oiriúnach le haghaidh cúrsaíochta, a eagraíodh mar ghníomhaíocht de chuid an Choimisiúin, tugadh le chéile freisin páirtithe leasmhara ó thionscal na meaisíní próiseála monaí agus ó na lárionaid náisiúnta anailíse monaí.
- Léiríodh tosaíocht na tacaíochta do bhunú, atreisiú agus líonrú i measc lároifigí náisiúnta i dtrí ghníomhaíocht. Áirítear orthu sin malartú foirne thuasluaite BIBE idir Uragua agus an Spáinn agus 'seimineár reachtach agus forbartha institiúidí chun an euro a chosaint san Úcráin'. Eagraíodh an seimineár reachtach agus forbartha institiúidí mar ghníomhaíocht de chuid an Choimisiúin agus féachadh le húdaráis na hÚcráine a chur ar an eolas faoi chreat an Aontais chun an euro a chosaint ar ghóchumadh. Dhírigh sé ar na hathruithe reachtacha agus institiúideacha ba cheart don Úcráin a dhéanamh chun corpas dhlí an Aontais a chur chun feidhme agus ar na samhlacha éagsúla atá glactha ag na Ballstáit chun an bonneagar ábhartha frith-ghóchumtha a chur ar bun. Chuir *Polícia Judiciária* na Portaingéile bailchríoch ar an 'tionscnamh fothaithe acmhainneachta chun nótaí bainc euro góchumtha a bhrath, a anailísiú agus a thuairisciú ag údaráis phóilíneachta Cabo Verde' (Comhshocrú). Áiríodh leis sin an trealamh is gá a cheannach d'údaráis Cabo Verde chun imscrúduithe frith-ghóchumtha a dhéanamh agus oiliúint a chur orthu maidir le conas é a úsáid.

## 4. Faireachán ar na táscairí cainníochtúla agus cáilíochtúla

In Airteagal 12(3) de Rialachán (AE) 2021/840 ceanglaítear táscairí cainníochtúla agus cáilíochtúla an chláir a chur san áireamh sa tuarascáil seo. Leagtar amach sa liosta seo a leanas na sonraí maidir leis na táscairí sin le haghaidh 2025.

1. **An líon euro góchumtha a braitheadh (nótaí bainc: 444 000, monaí: 335 290):** is é an sprioc don táscaire seo an líon nótaí bainc agus monaí euro góchumtha a braitheadh a choinneáil faoi smacht laistigh de raon +/-5 % de mheán na tréimhse 2014-2020 (671 000/174 112). Bhí an líon nótaí bainc a braitheadh níos ísle ná an sprioc, agus sháraigh an líon monaí an sprioc. Mar sin féin, níl ach nasc indíreach idir an clár agus

na táscairí sin, toisc go bhfuil ról tábhachtach ag tosca seachtracha éagsúla freisin. Áirítear ar na tosca seachtracha sin an dul chun cinn a rinne imscrúduithe póilíneachta agus méid an táirgthe ghóchumtha.

2. **An líon ceardlann neamhdhleathach ar cuireadh deireadh leo (11):** maidir leis an líon ceardlann neamhdhleathach a dhíchóimeáil, is é an sprioc an líon a choinneáil faoi smacht laistigh de +/-10 % den fhigiúr le haghaidh 2019 (22). An líon ceardlann neamhdhleathach a díchóimeáileadh in 2025, bhí sé níos ísle ná an sprioc. Mar a mhínítear faoi tháscaire 1, níl ach nasc indíreach idir an clár agus an táscaire seo, toisc go bhfuil ról tábhachtach ag tosca seachtracha éagsúla.
3. **An líon údarás inniúil uathúil a bhfuil iarratas curtha isteach acu ar an gclár (11):** is é is aidhm don táscaire seo suim na n-údarás inniúil náisiúnta sa chlár a thomhas. Ba é 12 an sprioc a bhí ann le haghaidh 2024 agus is é 24 an sprioc le haghaidh 2027. Cé go bhfuil méadú ag teacht ar an líon iarratasóirí uathúla ar an gclár, tá sé fós níos ísle ná an sprioc.
4. **Ráta sástachta na rannpháirtithe sna gníomhaíochtaí a maoiníodh leis an gclár (99,64 %):** leis an táscaire seo, déantar tomhas ar cháilíocht na hoiliúna de réir na rannpháirtithe. Is é 75 % an sprioc. Bhí an ráta d'aiseolas dearfach i bhfad níos airde ná an sprioc.
5. **Aiseolas ó na rannpháirtithe a ghlac páirt cheana i ngníomhaíochtaí roimhe seo maidir le tionchar an chláir ar a gcuid gníomhaíochtaí chun an euro a chosaint ar ghóchumadh (97,80 %):** leis an táscaire seo, déantar tomhas ar inbhuanaitheacht ghníomhaíochtaí an chláir. Is é 75 % an sprioc. Tá an céatadán d'aiseolas dearfach i bhfad níos airde ná an sprioc.

## 5. Conclúidí agus an bealach chun cinn

Dála a réamhtheachtaí, leanann an clár de bheith ina uirlis thábhachtach agus éifeachtúil sa chomhrac in aghaidh an ghóchumtha. Leis an gclár (i) tugtar tacaíocht do staidéir; (ii) déantar comhar a choinneáil ar bun agus a fhorbairt; agus (iii) tacaítear le malartú dea-chleachtais i measc na bpáirtithe leasmhara uile a bhfuil baint acu leis an gcomhrac in aghaidh ghóchumadh an euro. Ós rud é gur leithdháileadh an buiséad go hiomlán in 2025, is léiriú é sin ar spéis na mBallstát sa chlár.

Déanann an Coimisiún torthaí na dtionscadal a dtacaítear leo faoin gclár a chomhroinnt go tráthrialta ar shaineolaithe sa Ghrúpa Saineolaithe um Ghóchumadh an Euro. In 2025, tionóladh trí chruinniú de chuid an Ghrúpa Saineolaithe um Ghóchumadh an Euro. Léirítear leis an gclár ardleibhéal comhsheasmhachta agus comhlántachta le cláir agus gníomhaíochtaí ábhartha eile ar leibhéal an Aontais toisc go bhfuil sé tiomanta go heisiach don euro a chosaint ar ghóchumadh trí chineál sonrach coireachta eagraithe a chosc agus a chomhrac: góchumadh an euro. I measc na samplaí tá an Ionstraim um **Chúnamh Teicniúil agus um Malartú Faisnéise (TAIEX)** de chuid na hArd-Stiúrthóireachta um Beartas Comharsanachta agus Caibidlíocht maidir le Méadú 'NEAR', a úsáidtear go minic chun tacú le caibidlíocht aontachais, agus an Ciste Slándála Inmheánaí de chuid Ard-Stiúrthóireacht HOME – Póilíní ([10]), lena gcumhdaítear an choireacht a chosc agus a chomhrac go ginearálta. Ós rud é

[10] Rialachán (AE) 2021/1149 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an Ciste Slándála Inmheánaí (IO L 251, 15.7.2021, lch. 94).

gur cuireadh góchumadh san áireamh ar cheann de na tosaíochtaí i bplean gníomhaíochta oibríochtúil EMPACT ([11]), tá an Coimisiún ag comhordú go dlúth le spreagthach EMPACT chun an chomhlántacht idir an dá fhoinse maoinithe a uasmhéadú.

Ar bhonn thorthaí an chláir go dtí seo agus na hanailíse leanúnaí ar bhagairtí atá ag teacht chun cinn a pléadh i nGrúpa Saineolaithe um Ghóchumadh an Euro, is iad seo a leanas na tosaíochtaí le haghaidh 2026 ([12]):

- tacú le gníomhaíochtaí a dhírítear ar chomhar a fheabhsú i measc na mBallstát sin a dtéann táirgeadh agus dáileadh nótaí agus monaí góchumtha i gcion go mór orthu;
- comhar a chur chun cinn le húdaráis na dtíortha nach Ballstáit den Aontas iad i gcás ina bhfuil amhras nó fianaise ann go dtáirgtear euro góchumtha iontu;
- creat éifeachtach a choinneáil ar bun chun an euro a chosaint in oirdheisceart na hEorpa;
- forbairtí tráthúla:
    - múscailt feasachta agus malartú dea-chleachtas i measc údaráis forfheidhmithe dlí, na mbreithiúna agus na n-údarás custaim ar an idirlíon/darknet/na meán sóisialta/aipeanna comhrá criptithe mar ardáin dáileacháin, nótaí bainc dearaidh athraithe agus gnéithe slándála góchumtha;
    - tacaíocht do bhunú, atreisiú agus líonrú i measc oifigí náisiúnta comhordúcháin;
    - monaí euro: an comhrac in aghaidh aicmí ardchaighdeáin de nótaí agus monaí góchumtha, cur chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 1210/2010 agus monaí euro atá mí-oiriúnach le haghaidh cúrsaíochta a láimhseáil.

[11] Is tionscnamh slándála é EMPACT (an tArdán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla) atá á chur chun cinn ag Ballstáit an Aontais chun bagairtí a bhaineann le coireacht idirnáisiúnta eagraithe agus thromchúiseach a aithint, a chur in ord tosaíochta agus aghaidh a thabhairt orthu. In 2021, rinneadh ionstraim bhuan de EMPACT, mar a leagtar amach sna conclúidí ón gComhairle maidir le leanúint bhuan de Thimthriall Beartais an Aontais don choireacht idirnáisiúnta eagraithe agus thromchúiseach. Is í an Bhulgáir an Ballstát a chuireann chun cinn tosaíocht EMPACT a chumhdaíonn 'coireacht maoine intleachtúla, góchumadh earraí agus airgeadraí'.

[12] Is cuid riachtanach den chlár oibre bliantúil iad tosaíochtaí an chláir le haghaidh 2026, atá i gceangal leis an gCinneadh ón gCoimisiún an 30.1.2026 maidir le maoiniú an chláir Pericles IV agus maidir le glacadh an chláir oibre bhliantúil le haghaidh 2026, C(2026) 479 final.